2026/2561

20.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2561 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuimsíodh iondocsacarb in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 le Treoir 2009/87/CE ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 98/8/CE ([3]). De bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, meastar an tsubstaint a bheith formheasta faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go dtí an 31 Nollaig 2019, faoi réir na sonraíochtaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 28 Meitheamh 2018 cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 ('an t-iarratas').

(3) An 12 Samhain 2018 chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar an iarratas.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1030 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2022 dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, chun go mbeadh dóthain ama ann scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(5) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1287 ón gCoimisiún ([5]), cuireadh ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2024 dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb. Cuireadh an dáta éaga sin ar atráth arís go dtí an 31 Nollaig 2026 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/731 ón gCoimisiún ([6]), mar gheall ar mhoilleanna breise ar an meastóireacht ar an iarratas.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([3]) Treoir 2009/87/CE ón gCoimisiún an 29 Iúil 2009 lena leasaítear Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun iondocsacarb a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann léi (IO L 198, 30.7.2009, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/87/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1030 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2019 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 167, 24.6.2019, lch. 32; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1030/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1287 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 279, 3.8.2021, lch. 41; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1287/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/731 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/731, 1.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/731/oj).

(6) An 9 Meán Fómhair 2026, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an Coimisiún ar an eolas gur cuireadh moill bhreise ar an meastóireacht mar gheall ar an am breise a theastaigh ón údarás inniúil chun measúnú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hairíonna fisiciceimiceacha agus guaiseacha fisiceacha na substainte a chinneadh agus ar shonraí a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar a hairíonna réabtha inchrínigh. Ar bhonn na faisnéise atá soláthartha ag an údarás inniúil, dealraíonn sé, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, nach dócha go mbeidh an t-údarás sin in ann tuarascáil ar an measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') faoin tríú ráithe de 2027.

(7) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(8) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Agus an t-am atá fós ag teastáil á chur san áireamh chun go gcuirfidh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht i gcrích, chun go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an tuairim uaithi agus chun go gcuirfidh sí isteach í, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 á chur san áireamh freisin, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2028.

(9) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair, beidh iondocsacarb formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I dtaca le dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, cuirtear ar atráth é go dtí an 31 Nollaig 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN